II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/2513 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a mhéid a bhaineann leis an uasmhéid tacaíochta le haghaidh torthaí agus glasraí a aistarraingítear ón margadh lena ndáileadh saor in aisce

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 37, pointe (d)(iv), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Teideal II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos rialacha maidir le gníomhaíochtaí agus cláir oibríochtúla eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí. I gCaibidil III den Teideal sin tá rialacha maidir le bearta chun géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú, lena n-áirítear, *inter alia*, aistarraingtí ón margadh.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/652 ón gCoimisiún ([3]), leasaíodh Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a mhéid a bhaineann leis an tacaíocht le haghaidh torthaí agus glasraí a aistarraingítear ón margadh lena ndáileadh saor in aisce, chun róchúiteamh a sheachaint i leith aistarraingtí ón margadh den chineál sin.

(3) Mar sin féin, is léir ó thaithí na mBallstát agus na n-eagraíochtaí táirgeoirí maidir le cur chun feidhme na gceanglas maidir le haistarraingtí ón margadh a leagtar síos le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/652, go bhfuil sé an-deacair nó dodhéanta roinnt de na ceanglais sin a chomhlíonadh maidir le táirgí áirithe. Go háirithe, foráiltear le hAirteagal 45(1), an ceathrú fomhír, den Rialachán sin, nach rachaidh suim an chúitimh as aistarraingt, na gcostas sórtála agus pacáistithe agus na gcostas iompair thar mheánphraghas an táirge phróiseáilte lena mbaineann ar an gcéim dar teideal "iarphróiseálaí" nó "iar-eagraíocht táirgeoirí" le linn na 3 bliana roimhe sin má dhéantar an dáileadh saor in aisce tar éis na próiseála. Mar sin féin, tagraíonn cúiteamh as aistarraingt i gcomhthéacs dáileadh saor in aisce torthaí agus glasraí don táirge ar an gcéim úr, sórtáilte, pacáistithe agus curtha chuig an gceann scríbe, eadhon an carthanas is tairbhí, agus tagraíonn an meánphraghas margaidh nár cheart a shárú do tháirge a phróiseáiltear ag an ionad seolta ("iar-eagraíocht táirgeoirí" nó "iarphróiseálaí"). Eascraíonn sé as an anailís a chuir na Ballstáit agus eagraíochtaí táirgeoirí ar fáil nach bhféadfaí na coinníollacha sin a chomhlíonadh in aon chor i gcás táirgí áirithe, go háirithe torthaí samhraidh, mar gheall ar chineál éagsúil na n-eilimintí a chuirtear i gcomparáid le chéile (e.g. táirgí úra a chuirtear chuig an gceann scríbe agus táirgí a phróiseáiltear ag an ionad seolta). Is iomchuí, dá bhrí sin, forálacha ábhartha Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a leasú, agus ag an tráth céanna dóthain gnéithe a choinneáil chun aon chineál róchúitimh as aistarraingtí ón margadh a sheachaint.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún an 13 Márta 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pionóis atá le cur i bhfeidhm sna hearnálacha sin agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún (IO L 138, 25.5.2017, lch. 4).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/652 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2021 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí agus cláir oibriúcháin na n-eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí (IO L 135, 21.4.2021, lch. 4).

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a leasú dá réir.

(5) Ar mhaithe le cóir chomhionann a airithiú d'eagraíochtaí táirgeoirí a aistarraingíonn torthaí agus glasraí ón margadh lena ndáileadh saor in aisce le linn na bliana táirgthe 2022, ba cheart an tréimhse iomlán bhuainte a chumhdach leis an modh ríofa nua. Ós rud é go gcuirtear tús le péitseoga agus neachtairíní a bhaint ó mhí Aibreáin gach bliain, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Aibreán 2022,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/891

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 mar a leanas:

(1) in Airteagal 45(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:

"Maidir le suim na gcostas sórtála agus pacáistithe dá dtagraítear in Airteagal 17(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892 maidir le torthaí agus glasraí a aistarraingítear ón margadh lena ndáileadh saor in aisce agus a liostaítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, móide an méid tacaíochta d'aistarraingtí ón margadh dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, ní rachaidh siad thar 80 % den mheánphraghas margaidh 'iar-eagraíocht táirgeoirí' an táirge lena mbaineann ag an gcéim úr sna 3 bliana roimhe sin.";

(2) in Airteagal 46(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:

"Féadfaidh na Ballstáit íocaíocht chomhchineáil a cheadú ó thairbhithe dáilte saor in aisce torthaí agus glasraí a aistarraingítear ón margadh agus atá á bpróiseáil, i gcás nach ndéanfar ach costais phróiseála, sórtála agus phacáistithe a chúiteamh leis an íocaíocht sin agus i gcás ina nglacfaidh an Ballstát ina ndéanfar an íocaíocht rialacha lena n-áiritheofar go mbeidh na táirgí próiseáilte beartaithe lena gcaitheamh ag na faighteoirí deiridh dá dtagraítear sa dara fomhír den mhír seo. Beidh feidhm ag an teorainn a leagtar síos in Airteagal 45(1), an ceathrú fomhír.".

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 1 Aibreán 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN